

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

### Faisnéis agus Fógraí

---

*Leathanach*

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**Parlaimint na hEorpa**

Fógra folúntais Uimh. PE/168/S ..... 1

**GA**

Praghas:  
EUR 3

---

Faoin tagairt C 200 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

---



## V

(Fógairtí)

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

## PARLAIMINT NA hEORPA

## FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. PE/168/S

(2013/C 200 A/01)

Tá próiseas roghnúcháin á eagrú ag Parlaimint na hEorpa ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha chun liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a bhunú don phost seo a leanas:

## GNÍOMHAIRE SEALADACH

## PREAS-OIFIGEACH (AD 5)

(bean nó fear)

*Sula ndéanfaidh tú iarratas a thíolacadh, ní mór duit an treoir d'iarrthóirí atá ag gabháil leis an bhfógra folúntais seo a léamh go cúramach.*

*Tugann an treoir seo, ar cuid dhílis den fhógra folúntais í, soiléiriú ar na rialacha a rialaíonn an próiseas roghnúcháin agus conas iarratas a dhéanamh.*

## CLÁR NA nÁBHAR

- A. CÚRAIMÍ AGUS INCHÁILITHEACHT (AN PHRÓIFÍL RIACHTANACH)
- B. AN NÓS IMEACHTA
- C. IARRATAIS A CHUR ISTEACH

IARSCRÍBHINN: TREOIR D'IARRTHÓIRÍ MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN A EAGRAÍONN PARLAIMINT NA hEORPA

## A. CÚRAIMÍ AGUS INCHÁILITHEACHT (AN PHRÓIFÍL RIACHTANACH)

### 1. Faisnéis ghinearálta

Tá cinneadh déanta ag Parlaimint na hEorpa tús a chur leis an nós imeachta chun post sealadach mar phreas-oifigeach (AD 5) in Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Stiúrthóireacht um na Meáin Chumarsáide, an tAonad um Sheirbhísí agus Faireachán na Meán Cumarsáide a líonadh.

Déanfar an conradh ar feadh tréimhse neamhshainithe. Déanfar an earcaíocht sin ar ghrád AD 5, an chéad chéim, ag a bhfuil buntuarastal de EUR 4 349,59 in aghaidh na míosa. Tá an tuarastal sin faoi réir cáin Chomhphobail agus asbhaintí eile a shainíonn Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (CSE); tá sé díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Féadfar an chéim ar a gceapfar an t-iarrthóir rathúil a oiriúnú, áfach, i gcomhréir lena thaití nó lena thaití ghairmiúil. Ina theannta sin, íocfar liúntais sa bhreis ar an mbuntuarastal faoi choinníollacha áirithe.

Éilítear leis an bpost seo a bheith ag taisteal go minic chuig ionaid oibre Pharlaimint na hEorpa agus lasmuigh díobh sin chomh maith le hiliomad teagmhálacha inmheánacha agus seachtracha.

Is fostóir comhionannais deiseanna í Parlaimint na hEorpa agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó cibé clann a bheith ar an iarrthóir nó í a bheith ag iompar clainne.

### 2. Cúraimí an phoist

Lonnaithe in Barcelona <sup>(1)</sup>, déanfaidh an preas-oifigeach, faoi chuimsiú na gclár agus na dtosaíochtaí a shainíonn na comhlachtaí parlaiminteacha agus/nó a oifigigh uachtaracha, na cúraimí a bhfuil tuairisc anseo thíos orthu a chomhlíonadh:

- ról agus gníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa a chur in iúl do na meáin náisiúnta, réigiúnacha agus speisialtacha,
- caidreamh struchtúrtha a chur chun cinn leis na meáin chumarsáide, eadhon na meáin scríofa, chlosamhairc agus leictreonacha, trí theagmhálacha díreacha agus pearsanta a bheith aige nó aici le meáin uile na tíre,
- a ráthú go mbíonn na meáin sa tír ina bhfuil sé nó sí ag tabhairt aird go leanúnach ar imeachtaí na hEorpa agus iad sin a chur faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra,
- comhoibriú le heagrú cuairteanna, comhdhálacha agus seimineár don phreas náisiúnta, réigiúnach agus speisialaithe,
- comhoibriú le gníomhaíochtaí a thabhairt i gcrích agus le táirgí na meán cumarsáide a fhorbairt chun feacht ar gníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa a chur chun cinn.

Le feidhmiú na gcúraimí sin, éilítear scileanna réamhthuais, frithghníomhaithe agus cumarsáide, scileanna idirphearsanta agus an cumas déileáil le faisnéis agus díriú ar na saincheisteanna bunúsacha.

### 3. Incháilitheacht (an phróifíl riachtanach)

Faoin dáta deiridh atá socraithe do na hiarratais a chur isteach, ní mór na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta ag na hiarrthóirí:

#### (a) Coinníollacha ginearálta

I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de CSE, ní mór do na hiarrthóirí go háirithe:

- a bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus a lánchearta mar shaoránach a bheith á dteachtadh acu,
- a ndualgais a bheith comhlíonta acu i ndáil leis na hoibleagáidí míleata is infheidhme de réir dlí,
- na teistiméireachtaí carachtair a bheith acu is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

(1) D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann d'ionaid oibre eile Pharlaimint na hEorpa.

(b) *Coinníollacha sonracha*

(i) ***Cáilíochtaí, dioplómaí agus an saíneolas is gá***

Ní mór do na hiarrthóirí leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í atá aitheanta go hoifigiúil i réimse atá ábhartha do chúraimí an phoist.

(ii) ***Taithí ghairmiúil riachtanach***

Ní éilítear aon taithí ghairmiúil.

(iii) ***Eolas ar theangacha***

Ní mór do na hiarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu:

eolas sármhaith ar an Spáinnis (teanga 1)

agus

eolas an-mhaith ar an mBéarla agus ar an gCatalóinis (teanga 2 agus teanga 3).

Tabharfaidh an coiste roghnúcháin aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile <sup>(1)</sup> an Aontais Eorpaigh.

*I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gcás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tugann Parlaimint na hEorpa anseo na cúiseanna a bhfuil rogha an dara agus an tríú teanga teorannaithe aici.*

*Cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh teanga 2 agus teanga 3 sa nós imeachta roghnúcháin seo i gcomhréir le leas na seirbhíse a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach in Oifig Eolais na Parlaiminte in Barcelona agus go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach san obair laethúil a bhíonn acu. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar fheidhmiú éifeachtach na seirbhíse.*

*I bhfianaise an chleachtais in Oifig Eolais Pharlaimint na hEorpa a mhéid a bhaineann le teangacha cumarsáide, agus riachtanais na hOifige Eolais in Barcelona á gcur san áireamh a mhéid a bhaineann le cur amach ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin áitiúla, is é an Béarla fós an teanga is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, le réimse sonracha an nós imeachta roghnúcháin seo, tugtar bonn cirt d'eolas sármhaith ar an gCatalóinis a bheith á éileamh.*

*Tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha sna teangacha sin deis do Pharlaimint na hEorpa cumas na n-iarrthóirí a mheas trína gcur láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina mbeidh siad ag obair amach anseo.*

## B. AN NÓS IMEACHTA

Tá an nós imeachta eagraithe ar bhonn **cáilíochtaí agus trialacha**.

Cuirfidh an tÚdarás atá údaraithe chun conarthaí a dhéanamh liosta le chéile d'iarrthóirí a chuir isteach a n iarratais san fhóirm cheart agus faoin dáta deiridh i gcomhair iarratais agus a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a leagtar amach i Roinn A.3(a). Cuirfear an liosta seo ar aghaidh chuig an gcoiste roghnúcháin leis na hiarratais (***chun tuilleadh mionsonraí a fháil, léigh an treoir d'iarrthóirí, le do thoil***).

<sup>(1)</sup> Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis, an Ungáiris.

### 1. Glacadh isteach chuig an nós imeachta roghnúcháin

Déanfaidh an coiste roghnúcháin na comhaid a scrúdú agus tarraingeoidh sé suas liosta de na hiarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha sonracha a leagtar amach i Roinn A.3(b) agus a nglacfar leo sa nós imeachta.

Agus na comhaid á scrúdú aige, déanfaidh an coiste roghnúcháin cinneadh bunaithe go huile agus go hiomlán ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais, a dtabharfaidh doiciméid tacaíochta bunús léi (chun tuilleadh mionsonraí a fháil, léigh an treoir d'iarrthóirí, le do thoil).

### 2. Cáilíochtaí a mheasúnú

Ar bhonn na gcritéar a leagfar síos roimh ré, déanfaidh an coiste roghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí a nglacfar leo sa nós imeachta roghnúcháin agus cuirfidh sé liosta le chéile den **seisear iarrthóirí is fearr** a nglacfar leo chun trialacha a dhéanamh.

Agus measúnú á dhéanamh ag an gcoiste roghnúcháin ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí, tabharfaidh sé aird ar leith ar na nithe seo a leanas:

- eolas ar struchtúr Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa, ar a heagrú, ar a timpeallacht agus ar a geallsealbhóirí éagsúla,
- eolas ginearálta ar ghnóthaí Eorpacha,
- eolas ar thionscail na meán cumarsáide Spáinneach agus Catalónach (an preas, na meáin chlosamhairc, na meáin ar líne, na meáin shóisialta),
- eolas ar mhodhanna chun faisnéis a thiomsú agus a scaipeadh,
- eolas riaracháin (gnéithe acmhainní daonna agus/nó bainistíochta agus/nó buiséid agus/nó airgeadais agus/nó ríomhaireachta agus/nó dlíthiúla, etc.),
- scileanna dréachtaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le preasráitis, téacsanna d'fhoilseacháin ar líne agus téacsanna atá beartaithe don phobal i gcoitinne.

Marcanna: ó 0 go 20 pointe.

### 3. Trialacha

Chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí na n-iarrthóirí na cúraimí a dtugtar tuairisc orthu i Roinn A.2 a fheidhmiú, déanfar na trialacha seo a leanas a eagrú:

#### ***Trialacha scríofa***

- (a) Triail cheapadóireachta i mBéarla (teanga 2), bunaithe ar chomhad de 20 leathanach ar a mhéad ina mbeidh doiciméid i mBéarla, i Spáinnis agus i gCatalóinis, atá ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht na n-iarrthóirí chun déileáil le comhad, chomh maith lena gcumas chun ceapadóireacht a dhéanamh.

Fad ama na trialach: 3 huair an chloig.  
Marcanna: ó 0 go 40 pointe (pasmharc: 20).

- (b) Triail cheapadóireachta sa Spáinnis (teanga 1), atá ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarrthóirí preasráiteas a dhréachtú.

Fad ama na trialach: 1 uair an chloig.  
Marcanna: ó 0 go 20 pointe (pasmharc: 10).

- (c) Triail cheapadóireachta sa Chatalóinis (teanga 3), atá ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarrthóirí litir oifigiúil a dhréachtú.

Fad ama na trialach: 30 nóiméad.  
Marcanna: ó 0 go 10 pointe (pasmharc: 5).

**Trialacha cainte**

(d) Cuirfidh an coiste roghnúcháin na hiarrthóirí faoi agallamh i mBéarla (teanga 2) ina ndéanfar measúnú, i bhfianaise na faisnéise uile arna cur in iúl sa chomhad iarratais, ar chumas na n-iarrthóirí sin na cúraimí a dtugtar tuairisc orthu i Roinn A.2 (Cúraimí an phoist) a fheidhmiú. Déanfar an t-eolas ar an Spáinnis agus ar an gCatalóinis a thástáil freisin i rith an agallaimh.

Uasfhad ama na trialach: 45 nóiméad.

Marcanna: ó 0 go 40 pointe (pasmharc: 20 pointe).

(e) Triail ghrúpdhíospóireachta i mBéarla (teanga 2) ionas go mbeidh an coiste roghnúcháin in ann measúnú a dhéanamh ar inoiriúnaitheacht, ar chumas caibidlíochta, ar chumas cinnteoireachta agus ar iompar na n-iarrthóirí laistigh de ghrúpa.

Déanfaidh an coiste roghnúcháin tréimhse na trialach sin a shainiú de réir chomhdhéanamh críochnaitheach na ngrúpaí.

Marcanna: ó 0 go 20 pointe (pasmharc: 10 bpointe).

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar an bhfíoras go bhféadfadh na trialacha a bheith ar lá amháin nó ar dhá lá as a chéile.

**4. Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha**

Beidh de réir an oird tuillteanais **triúr iarrthóirí** ar na liosta d'iarrthóirí oiriúnacha ag a mbeidh na marcanna is airde sa nós imeachta trí chéile (measúnú na gcáilíochtaí agus na trialacha), ar choinníoll go bhfuair siad ar a laghad 50 % de na marcanna sa nós imeachta ina iomláine agus an pasmharc is gá i ngach ceann de na trialacha.

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas faoina thorthaí agus fógrófar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha ar na cláir fógraí i bhfoirgnimh Pharlaimint na hEorpa.

Rachaidh bailíocht an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha in éag an **31 Nollaig 2017**; féadfar fad a chur le tréimhse bhailíochta an liosta sin. Sa chás sin, cuirfear na hiarrthóirí atá ar an liosta ar an eolas in am trátha.

Chun críocha creidiúnúcháin, ní mór do gach iarrthóir ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha agus a bhfuil post tairgthe dó, na doiciméid bhunaidh uile a éilítear a chur isteach ina dhiaidh sin, go háirithe a dhioplómaí agus a dheimhnithe oibre.

**C. IARRATAIS A CHUR ISTEACH**

Ní foláir go gcomhlánóidh na hiarrthóirí an fhoirm iarratais oifigiúil (an fhoirm bhunaidh nó cóip de) i mBéarla, ar foirm í a ghabhann leis an bhfógra earcaíochta seo agus atá foilsithe san Iris Oifigiúil seo ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

Iarrtar ar na hiarrthóirí an treoir d'iarrthóirí a léamh go cúramach sula gcomhlánóidh siad an fhoirm iarratais.

Ní foláir an fhoirm iarratais agus fótachóipeanna de na doiciméid a sheoladh **leis an bpost cláraithe** <sup>(1)</sup>, tráth nach déanaí ná an **13 Lúnasa 2013** (arna fhianú leis an bpostmharc) chuig an seoladh seo a leanas:

PARLEMENT EUROPÉEN

Unité concours — MON 04 S 010

Procédure de sélection PE/168/S

(ní foláir uimhir thagartha an nós imeachta roghnúcháin a chur in iúl)

Rue Wiertz 60

1047 Bruxelles/Brussel

Belgique/België

Iarrtar ar na hiarrthóirí GAN GLAO TEILEAFÓIN a dhéanamh chun eolas a fháil faoin scéideal don nós imeachta.

De bhua na freagrachta atá ar na hiarrthóirí, iarrtar orthu facs (+32 22831717), teachtaireacht ríomhphoist (PE-168-S@ep.europa.eu) nó litir a chur chuig an Aonad um Chomórtais agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin más rud é nach bhfuil litir faighte acu maidir lena n-iarratas faoin 30 Deireadh Fómhair 2013.

<sup>(1)</sup> Measfar gurb ionann an comhad a sheoladh le seirbhís phríobháideach chúiréireachta agus é a sheoladh leis an bpost cláraithe. Sa chás sin, glactar leis an dáta ar an bhfoirm seachadta mar dháta an tseolta.

## IARSCRÍBHINN

**Treoir d'iarrthóirí i nósanna imeachta roghnúcháin a eagraíonn Parlaimint na hEorpa***Leathanach*

1. RÉAMHRÁ .....	7
Cén leagan amach a bhíonn ar nós imeachta roghnúcháin? .....	7
2. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN .....	7
Glacadh le comhaid iarratais .....	7
Scrúdú an gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta .....	7
Scrúdú an gcomhlíontar na coinníollacha sonracha .....	8
Cáilíochtaí a mheasúnú .....	8
Trialacha .....	8
Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha. ....	9
3. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH? .....	9
Faisnéis ghinearálta .....	9
Conas comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach? .....	9
Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór a iniamh leis an gcomhad iarratais? .....	9
Faisnéis ghinearálta .....	9
Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha ginearálta á gcomhlíonadh .....	10
Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha sonracha á gcomhlíonadh agus le haghaidh cáilíochtaí a mheasúnú .....	10
4. CUMARSÁID .....	11
5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA .....	11
Comhionannas deiseanna .....	11
Iarrataí ó iarrthóirí ar fhaisnéis a bhaineann leo a rochtain .....	12
Cosaint sonraí pearsanta .....	12
Speansais taistil agus cothaithe .....	12
IARSCRÍBHINN I .....	13
IARSCRÍBHINN II .....	15



## 1. RÉAMHRÁ

### Cén leagan amach a bhíonn ar nós imeachta roghnúcháin?

Sraith céimeanna atá sa nós imeachta roghnúcháin ina dtéann na hiarrthóirí in iomaíocht lena chéile; tá an nós imeachta ar oscailt do gach saoránach den Aontas Eorpach a chomhlíonann na critéir riachtanacha faoin spriocdháta atá socraithe chun na hiarratais a chur isteach, ar nós imeachta é a thugann deis chothrom do na hiarrthóirí go léir a scileanna a léiriú agus a thugann an deis roghnú a dhéanamh bunaithe ar thuilleanas, agus ag an am céanna prionsabal na córa comhionainne á urramú.

Déantar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo sa nós imeachta roghnúcháin a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha as a roghnaíonn Parlaimint na hEorpa duine don phost a luaitear san fhógra earcaíochta.

I gcás gach nós imeachta roghnúcháin, déantar coiste roghnúcháin a cheapadh atá comhdhéanta de chomhaltaí atá ina n-ionadaithe ar an gCóras Riaracháin agus ar an gCoiste Foirne. Is ar mhodh rúin a dhéantar obair an choiste roghnúcháin agus cuirtear an obair sin i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn III de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Tá toirmeasc ar na hiarrthóirí aon teagmháil a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach, leis an gcoiste roghnúcháin. Tá an ceart ar cosaint ag an údarás ceapacháin gach iarrthóir a sháraíonn an treoir sin a eisiáimh as an gcomórtas.

Déanann an coiste roghnúcháin na coinníollacha don chomórtas, arna leagan síos san fhógra earcaíochta, a chur i bhfeidhm go díoghbháilte le linn dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le gach iarrthóir i dtaobh an nglacfaidh siad lena iarratas nó nach nglacfaidh. Má glacadh le hiarrthóir i gcomórtas nó i nós imeachta roghnúcháin roimhe seo, ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad incháilithe go huathoibríoch don nós imeachta seo.

Chun go ndéanfar na hiarrthóirí is fearr a roghnú, déanfaidh an coiste roghnúcháin comparáid idir feidhmíocht na n-iarrthóirí chun breithniú a dhéanamh ar a gcumas na cúraimí a bhfuil tuairisc orthu san fhógra a chomhall. Dá bhrí sin, ní amháin go bhfuil ar an gcoiste an leibhéal eolais a mheas ach ní foláir dó freisin na daoine is fearr atá cáilithe don phost a aithint, bunaithe ar thuilleanas na n-iarrthóirí.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go dtógann sé idir sé agus naoi mí nós imeachta roghnúcháin a thabhairt chun críche, ag brath ar an líon iarrthóirí.

## 2. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Tá na céimeanna seo a leanas sa nós imeachta roghnúcháin:

- glacadh le comhaid iarratais,
- scrúdú an gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta,
- scrúdú an gcomhlíontar na coinníollacha sonracha,
- measúnú ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí (a nglacadh isteach chuig trialacha),
- trialacha,
- liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

### Glacadh le comhaid iarratais

Ní foláir do na hiarrthóirí a shocraíonn iarratas a dhéanamh, comhad iarratais iomlán a chur isteach, ina mbeidh an fhoirm iarratais a ghabhann leis an bhfógra earcaíochta, í comhlánaithe agus sínithe, agus a mbeidh gach doiciméad tacaíochta a éilítear lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta agus na coinníollacha sonracha a leagtar amach san fhógra earcaíochta ag gabháil leis nó mura ndéanfaidh siad an méid sin déanfar iad a eisiáimh as an nós imeachta. **Ní foláir** an comhad sin a **sheoladh leis an bpost cláráithe** faoin dáta atá leagtha síos san fhógra earcaíochta (*measfar gurb ionann an comhad a sheoladh trí chuideachta phríobháideach chúireireachta agus an comhad a sheoladh leis an bpost cláráithe. Sa chás go ndéantar an seoladh le cuideachta phríobháideach chúireireachta, glacfar leis an dáta ar an bhfoirm seachadta mar dháta an tseolta*). Féach Roinn C den fhógra earcaíochta, mar a bhfuil an seoladh agus an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh.

### Scrúdú an gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta

Scrúdóidh an tAonad um Chomórtas agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin an féidir glacadh leis na hiarratais, is é sin le rá, an ndearnadh na hiarratais a chur isteach ar an modh iomchuí agus faoin dáta deiridh, mar a shonraítear san fhógra earcaíochta iad, agus an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha ginearálta chun glacadh le hiarratais.

Dá réir sin, **déanfar iarrthóirí a eisiamh** más rud é:

- go seoltar an comhad iarratais tar éis an dáta deiridh, arna fhianú ag an bpostmharc nó le foirm seachadta na cuideachta príobháidí cúiréireachta,
- nach seoltar an comhad iarratais leis an bpost cláraithe ná le cuideachta phríobháideach chúiréireachta,
- nach mbaintear leas as an bhfoirm iarratais a ghabhann leis an bhfógra earcaíochta agus/nó nach bhfuil an fhoirm iarratais sin comhlánaithe go cuí,
- nach bhfuil an fhoirm iarratais sínithe,
- nach gcomhlíontar na coinníollacha ginearálta chun glacadh le hiarratas.

Cuirtear in iúl go díreach do na hiarrthóirí má diúltaíodh dá n-iarratas **agus déantar é sin tar éis an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach**.

Déanann an t-údarás ceapacháin liosta de na hiarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a shonraítear san fhógra earcaíochta a tharraingt suas agus cuireann sé an liosta sin ar aghaidh chuig an gcoiste roghnúcháin.

### **Scrúdú an gcomhlíontar na coinníollacha sonracha**

Déanann an coiste roghnúcháin na comhaid iarratais a scrúdú agus tarraingíonn sé suas liosta de na hiarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha sonracha a leagtar amach san fhógra earcaíochta. Bunaíonn an coiste a chinntí **go huile agus go hiomlán** ar an bhfaisnéis atá tugtha sna foirmeacha iarratais **agus a dtugann na doiciméid tacaíochta bonn cirt dóibh**.

Ní foláir mionsonraí iomlána maidir le cúrsaí léinn, le hoiliúint, le heolas ar theangacha agus, i gcás inarb iomchuí, le taithí ghairmiúil a bheith tugtha san fhoirm iarratais, eadhon:

- i gcás cúrsaí léinn: an dáta tosaigh agus an dáta críochnaithe do gach cúrsa, mar aon leis an gcineál dioplóma nó dioplómaí, lena n-áirítear na hábhair a ndearnadh staidéar orthu,
- i gcás gur ann do thaithí ghairmiúil: an dáta tosaigh agus an dáta críochnaithe do gach tréimhse iomchuí agus tuairisc bheacht ar an gcineál cúraimí a bhí le comhall.

Maidir le hiarrthóirí a bhfuil saothair léinn, ailt nó téacsanna eile foilsithe acu, agus atá ábhartha don chineál cúraimí a bhaineann leis an bpost, ba cheart dóibh iad sin a lua san fhoirm iarratais.

Déantar na hiarrthóirí nach gcomhlíonann na coinníollacha sonracha a leagtar síos san fhógra earcaíochta a eisiamh ag an gcéim seo.

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas i litir i dtaobh chinneadh an choiste roghnúcháin i leith glacadh/nó gan glacadh lena iarratas sa nós imeachta.

### **Cáilíochtaí a mheasúnú**

Chun na hiarrthóirí a nglacfar leo i gcomhair na dtrialacha a roghnú, déanann an coiste roghnúcháin cáilíochtaí na n-iarrthóirí a mbeidh glactha leo chuig an gcéim seo den nós imeachta a mheasúnú (léigh an mhír thíos). Bunaíonn an coiste a chinntí **go huile agus go hiomlán** ar an bhfaisnéis atá tugtha sna foirmeacha iarratais **agus a dtugann na doiciméid tacaíochta bonn cirt dóibh** (féach Pointe 3 thíos). Bunaíonn an coiste roghnúcháin a chuid oibre ar na critéir a bhíonn socraithe roimh ré agus aird á tabhairt aige go háirithe ar na cáilíochtaí a shonraítear i Roinn B.2 den fhógra earcaíochta.

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas i litir i dtaobh chinneadh an choiste roghnúcháin i leith glacadh/nó gan glacadh leis ag céim na dtrialacha.

### **Trialacha**

Tá na trialacha go léir éigeantach agus tá feidhm díbeartha ag roinnt leo. Tá an líon uasta d'iarrthóirí a nglacfar leo i gcomhair na dtrialacha leagtha síos i Roinn B.2 den fhógra earcaíochta.

Ar chúiseanna eagraíochtúla, d'fhéadfaí a iarraidh ar na hiarrthóirí na trialacha scríofa agus cainte uile a dhéanamh. Mar sin féin, déantar na trialacha sin a cheartú san ord ina bhfuil siad ar an bhfógra earcaíochta. Dá réir sin, mura mbaineann iarrthóir amach an marc íosta atá riachtanach i gceann de na trialacha a bhfuil feidhm díbeartha ag roinnt leo, ní mharcálann an coiste roghnúcháin na trialacha a leanann.

Más rud é nach ndéanann iarrthóir na trialacha go léir, ní mharcáiltear ceachtar acu.

### **Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha**

Ní dhéantar ach an líon uasta iarrthóirí, mar a leagtar síos i Roinn B.4 den fhógra earcaíochta, a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

Is ionann ainm iarrthóra a bheith ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha agus go bhféadfaidh ceann de sheirbhísí na hinstiúide cuireadh chun agallaimh a thabhairt don duine sin, ach ní hionann é sin agus ceart ná ráthaíocht go ndéanfaidh an instiúid é a earcú.

### **3. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH?**

#### **Faisnéis ghinearálta**

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú na coinníollacha iontrála go léir, idir choinníollacha ginearálta agus choinníollacha sonracha, rud a chiallaíonn gur cheart duit ar dtús an fógra earcaíochta agus an treoir seo a léamh go cúramach agus aird chuí a thabhairt ar na coinníollacha a leagtar amach iontu.

Bíodh is nach bhfuil aon teorainn aoise leagtha síos sna fógraí earcaíochta, tugtar do d'aire go bhfuil an aois scoir don fhoireann leagtha síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([http://ec.europa.eu/civil\\_service/docs/toc100\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/civil_service/docs/toc100_en.pdf)).

**Ní foláir do na hiarrthóirí úsáid a bhaint** as an bhfoirm iarratais (an leagan bunaidh nó cóip de) atá ag gabháil leis an bhfógra earcaíochta agus atá foilsithe san Iris Oifigiúil seo ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

Ní chuirfeadh san áireamh na doiciméid a sheoltar i ndiaidh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh.

Maidir le hiarrthóirí faoi mhíchumas nó iarrthóirí atá i gcúinsí ar leith a d'fhágfadh go bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu le linn na dtrialacha (e.g.: iad a bheith torrach nó leanbh acu atá fós á chothú ar an gcíoch, nó mar gheall go bhfuil fadhbanna sláinte acu nó go bhfuil siad faoi chóir dochtúra), ní foláir dóibh an méid sin a thabhairt le fios ar an bhfoirm iarratais agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar ionas go mbeidh an córas riaracháin in ann, más féidir, bearta iomchuí a ghlacadh. Sa chás gurb amhlaidh an cás, ba cheart go leagfadh siad amach ina bhfoirm iarratais, ar bhileog ar leithligh, aon socrúithe speisialta a mheasann siad a bheith riachtanach chun a rannpháirtíocht sna trialacha a éascú.

#### **Conas comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach?**

1. Comhlánaigh agus sínigh an fhoirm iarratais atá ag gabháil leis an bhfógra earcaíochta.
2. Cuir faoi iamh liosta de na doiciméid tacaíochta go léir, á léiriú duit cad í an uimhir atá tugtha do gach ceann agat.
3. Cuir faoi iamh na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir, agus bíodh siad uimhrithe ar dtús agat.
4. Cuir isteach an comhad iarratais de réir an mhodha a shonraítear san fhógra earcaíochta agus faoin dáta deiridh atá leagtha síos san fhógra earcaíochta.

#### **Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór a iniomh leis an gcomhad iarratais?**

##### *Faisnéis ghinearálta*

Ná seol na leaganacha bunaidh de na doiciméid atá riachtanach, ba cheart gur fótachóipeanna nach bhfuil fíordheimhnithe a chuirfí faoi iamh. Ní fhéadfar tagairtí do láithreáin ghréasáin a mheas mar dhoiciméid tacaíochta chun na críche sin. Ní mheastar gur deimhniúcháin iad asphriontaí de leathanaigh as láithreán gréasáin, ach féadfar iad a chur faoi iamh mar fhaisnéis bhreise agus chuige sin amháin.

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar an bhfíoras go mbeidh ar iarrthóirí a bheidh ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha agus a ndéanfar post a thairiscint dóibh na leaganacha bunaidh de gach doiciméad riachtanach a thabhairt ar aird sula bhféadfar na hiarrthóirí sin a earcú.

### Ní mheastar gur doiciméad tacaíochta atá in curriculum vitae.

Ní fhéadfaidh na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh do dhoiciméid, d'fhoirmeacha iarratais ná do dhoiciméid eile a cuireadh isteach mar chuid d'iarratas a rinneadh roimhe sin <sup>(1)</sup>.

Ní sheolfar aon cheann de na doiciméid atá sa chomhad ar ais chuig na hiarrthóirí.

*Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha ginearálta á gcomhlíonadh*

Ní iarrtar doiciméad ar bith ag an bpointe seo chun a chruthú:

- gur náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh iad na hiarrthóirí,
- go bhfuil a lánchearta mar shaoránach á dteachtadh ag na hiarrthóirí,
- go bhfuil a ndualgais comhlíonta ag na hiarrthóirí i ndáil leis na hoibleagáidí míleata is infheidhme de réir dlí,
- go bhfuil na teistiméireachtaí carachtair ag na hiarrthóirí is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

**Ní mór do na hiarrthóirí an fhoirm iarratais a shíniú.** Is leis an síniú sin a dhearbhaíonn na hiarrthóirí ar a n-onóir go bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh acu agus go bhfuil an fhaisnéis a thugann siad fíor agus iomlán.

*Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha sonracha á gcomhlíonadh agus le haghaidh cáilíochtaí a mheasúinú*

Tá ar na hiarrthóirí an fhaisnéis go léir agus na doiciméid uile a sholáthar don choiste roghnúcháin a chuirfidh ar chumas an choiste sin beachtas na faisnéise atá tugtha san fhoirm iarratais a fhíordheimhniú.

Dioplómaí agus/nó teastais lena ndeimhnítear gur bhain na hiarrthóirí cáilíocht amach i gcúrsa léinn

Ní foláir do na hiarrthóirí fótachóip a sholáthar de na dioplómaí nó teastais atá acu lena ndeimhnítear gur bhain siad cáilíocht amach i gcúrsa léinn ar an leibhéal a éilítear leis an bhfógra earcaíochta.

Tabharfaidh an coiste roghnúcháin aird ar chórais dhifriúla oideachais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Maidir le dioplómaí tríú leibhéal, ní foláir an fhaisnéis is mionsonraithe agus is féidir a chur ar fáil, go háirithe maidir leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus an tréimhse a mhair na cúrsaí, ionas go mbeidh ar chumas an choiste roghnúcháin a mheas cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá na dioplómaí sin.

Maidir le hoiliúint theicniúil nó ghairmiúil, nó le cúrsaí breisoidreachais nó speisialtóireachta, ní foláir do na hiarrthóirí a chur in iúl an cúrsaí lánaimseartha, cúrsaí páirtaimseartha nó ranganna oíche a bhí i gceist leo, agus na hábhair a rinneadh mar aon le fad oifigiúil na gcúrsaí a chur in iúl chomh maith.

### Taithí ghairmiúil

Sa chás go n-éilítear taithí ghairmiúil san fhógra, ní chuirfear san áireamh ach amháin an taithí ghairmiúil a bheidh faighte ag an iarrthóir i ndiaidh dó an dioplóma nó an cháilíocht léinn is gá a bhaint amach. Ní foláir cruthúnas a bheith sna doiciméid tacaíochta **de thréimhse agus leibhéal** na taithí gairmiúla agus ní mór an cineál cúraimí a cuireadh i gcrích a thabhairt chomh mionsonraithe agus is féidir ionas go mbeidh ar chumas an choiste roghnúcháin a mheas cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá an taithí ghairmiúil sin.

Ní foláir go mbeidh doiciméad tacaíochta ann le haghaidh gach tréimhse d'obair ghairmiúil lena mbaineann, mar shampla:

- deimhniúcháin ó iarfhostóirí agus ón bhfostóir reatha lena ndeimhnítear an taithí ghairmiúil a éilítear chun cur isteach ar an nós imeachta roghnúcháin,
- más rud é, ar chúiseanna rúndachta, nach féidir leis na hiarrthóirí na deimhniúcháin sin a chur faoi iamh, tá sé ríthábhachtach, go ndéantar fótachóip den chonradh oibre nó den litir earcaíochta agus/nó den chéad duillín pá agus den duillín pá deiridh a chur faoi iamh,
- i gcás nach thar ceann fostóra a rinneadh an obair ghairmiúil (duine féinfhostaithe, duine a ghabhann le saorghairmeacha, etc.), glacfar mar chruthúnas le sonraisc nó le foirmeacha ordaithe ina dtugtar mionsonraí faoi na seirbhísí a soláthraíodh nó le haon doiciméad tacaíochta oifigiúil eile atá ábhartha.

<sup>(1)</sup> Tá feidhm ag na coinníollacha seo maidir leis na hiarrthóirí go léir, lena n-áirítear oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Eolas ar theangacha

Ní foláir an t-eolas ar na teangacha a éilítear don phost a bheith deimhnithe le dioplóma, le teastas nó le dearbhú ar onóir an iarrthóra, é sin á chur ar fáil ar bhileog ar leithligh, lena mínítear an chaoi ar baineadh amach an t-eolas ar na teangacha i dtrácht.

Más rud é, ag céim ar bith den nós imeachta, go ndéantar a shuíomh go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm iarratais mícheart nó nach bhfuil an fhaisnéis sin ag luí leis na doiciméid a éilítear chun an fhoirm iarratais a mheas nó nach bhfuil na coinníollacha uile a leagtar amach san fhógra earcaíochta á gcomhlíonadh, déanfar an t-iarrthóir a eisiamh as an nós imeachta.

#### 4. CUMARSÁID

De bhua na bhfreagrachtaí atá ar na hiarrthóirí, iarrtar orthu a áirithiú go ndéantar an fhoirm iarratais (an leagan bunaidh nó cóip de), í comhlánaithe agus sínithe go cuí, mar aon leis na doiciméid tacaíochta, a sheoladh in am trátha leis an bpost cláráithe <sup>(1)</sup>, arna fhianú ag an bpostmharc.

Agus aird á tabhairt ar an méid ama a ghlacann an seachadadh poist, is faoin iarrthóir atá sé litir, facs nó teachtaireacht ríomhphoist <sup>(2)</sup> a sheoladh chuig an Aonad um Chomórtais agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin más rud é, faoin dáta atá luaite sa mhír dheiridh den fhógra earcaíochta, nach mbeidh litir faighte aige lena dtugtar cuireadh chuig an nós imeachta dó nó lena gcuirtear in iúl dó nach bhfuiltear ag glacadh lena iarratas.

I ngach comhfhreagras a sheolann an t-iarrthóir maidir le foirm iarratais a cuireadh isteach, ní foláir go luafar an t-ainm a thugtar san fhoirm iarratais agus uimhir an nós imeachta roghnúcháin.

Déanfar an comhfhreagras go léir a sheolann Parlaimint na hEorpa maidir leis an nós imeachta roghnúcháin, lena n-áirítear cuireadh chuig trialacha, a sheoladh le ríomhphost chuig an seoladh a thugann an t-iarrthóir ar an bhfoirm iarratais. Is ar an iarrthóir atá an mhorthabháil a chuntas ríomhphoist a sheiceáil (lena n-áirítear an fillteán turscair) go tráthrialta (**faoi dhó sa tseachtain ar a laghad**) agus aon athrú ar a chuid sonraí pearsanta a chur in iúl don Aonad um Chomórtais agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin.

Ba cheart gach cumarsáid a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin a sheoladh mar theachtaireacht ríomhphoist chuig an mbosca poist feidhme: PE-168-S@ep.europa.eu

Sa chás nach bhfuil ar do chumas do chuntas ríomhphoist a sheiceáil, **is ort féin atá an mhorthabháil é sin a chur in iúl láithreach** don Aonad um Chomórtais agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin agus seoladh ríomhphoist nua a sholáthar don Aonad.

Ar mhaithe leis an tsoiléireacht agus le hintuigtheacht, is i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis, agus sna teangacha sin amháin, a bheidh gach téacs de chineál ginearálta, gach cumarsáid a dhírítear chuig na hiarrthóirí nó a fhaightear ó na hiarrthóirí, na cuirí chuig na trialacha éagsúla agus gach cumarsáid idir an tAonad um Chomórtais agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin agus na hiarrthóirí. Ní dhéanfar aon mhalartú cumarsáide i bpríomhtheanga (teanga 1) an iarrthóra.

Chun a chinntiú go mbeidh an coiste roghnúcháin neamhspleách, tá toirmeasc ar na hiarrthóirí i gcúinse ar bith aon teagmháil a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach, leis an gcoiste roghnúcháin agus má dhéanann siad é sin d'fhéadfaí iad a eisiamh as an nós imeachta roghnúcháin.

Ní foláir gur chuig an Aonad um Chomórtais agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin <sup>(2)</sup>, ar a bhfuil an cúram déileáil le gach cumarsáid leis na hiarrthóirí nó go dtabharfar an nós imeachta roghnúcháin chun críche, a dhírítear gach comhfhreagras leis an gcoiste roghnúcháin agus aon iarraidh ar fhaisnéis nó aon chomhfhreagras eile a bhaineann leis an nós imeachta.

#### 5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

##### Comhionannas deiseanna

Glacann Parlaimint na hEorpa fíorchúram chun gach cineál d'idirdealú a sheachaint le linn an nós imeachta roghnúcháin.

Is fostóir comhionannais deiseanna í agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amháil inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith i do dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó cibé an bhfuil clann ar an iarrthóir nó í a bheith ag iompar clainne.

<sup>(1)</sup> Measfar gurb ionann an comhad a sheoladh le seirbhís phríobháideach chúireireachta agus é a sheoladh leis an bpost cláráithe. Sa chás sin, glactar leis an dáta ar an bhfoirm seachadta mar dháta an tseolta.

<sup>(2)</sup> Seoladh: Parlement Européen, Unité concours et procédures de sélection — MON 04 S 010, Procédure de sélection PE/168/S, Rue Wiertz 60, 1047 Bruxelles/Brussel, Belgique/België.  
Uimhir facs: +32 22831717. Seoladh ríomhphoist: PE-168-S@ep.europa.eu

### Iarrataí ó iarrthóirí ar fhaisnéis a bhaineann leo a rochtain

Tá ceart sonrath ag na hiarrthóirí i nósanna imeachta roghnúcháin faisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach a rochtain, faoi réir na gcoinníollacha a dtugtar tuairisc anseo thíos orthu. De bhua an chirt sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa an fhaisnéis bhreise seo a leanas a sholáthar d'iarrthóir arna iarraidh sin dó:

- (a) Féadfaidh na hiarrthóirí sin nach bhfaigheann pas i dtrialacha scríofa agus/nó nach bhfuil i measc na n-iarrthóirí a dtugtar cuireadh chuig triail chainte dóibh, arna iarraidh sin dóibh, cóip a fháil de na páipéir a scríobh siad don triail mar aon le cóip den bhileog meastóireachta pearsanta ina bhfuil trácht an choiste roghnúcháin i dtaobh chomh maith agus a d'éirigh leo. Ní foláir an iarraidh ar chóipeanna a dhéanamh laistigh de mhí amháin ón dáta ar seoladh an litir ag tabhairt fógra don iarrthóir den chinneadh gur cuireadh deireadh lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin.
- (b) Maidir leis na hiarrthóirí ar tugadh cuireadh chuig na trialacha cainte dóibh agus nach bhfuil a n-ainm ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, ní chuirfear torthaí na dtrialacha éagsúla in iúl dóibh go dtí go mbeidh an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha tarraingthe suas ag an gcoiste roghnúcháin. Féadfaidh na hiarrthóirí sin freisin cóip dá dtrialacha scríofa a fháil ar an gcaoi chéanna a leagtar amach i bpointe (a).
- (c) Maidir leis na hiarrthóirí a bheidh ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, is é a ndéanfar a chur in iúl dóibh gur iarrthóirí iad ar éirigh leo sa nós imeachta roghnúcháin.

Déileálfar le hiarrataí i gcomhréir leis an gceanglas go ndéantar obair an choiste roghnúcháin ar mhodh rúin, amhail a leagtar síos sna Rialacháin Foirne (Airteagal 6 d'Iarscríbhinn III) agus i gcomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint daoine aonair a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil.

### Cosaint sonraí pearsanta

Déanann Parlaimint na hEorpa, ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin <sup>(1)</sup>, go sonrath a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

### Speansais taistil agus cothaithe

Déanfar ranníocaíocht i dtreo speansais taistil agus cothaithe na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chuig trialacha dóibh. Déanfar mionsonraí faoin nós imeachta agus na rátaí is infheidhme a thabhairt sa litir lena dtugtar cuireadh don iarrthóir chuig na trialacha.

**Glacfar leis gurb é an seoladh a thabharfaidh an t-iarrthóir san fhoirm iarratais an áit óna bhféadfaidh an t-iarrthóir le dul chuig an áit ina n-iarrfar air na trialacha a dhéanamh. Maidir leis sin, ní fhéadfar aird a thabhairt ar athrú ar an seoladh a chuirfidh an t-iarrthóir in iúl tar éis do Pharlaimint na hEorpa cuirí chuig trialacha a sheoladh, ach amháin sa chás go measann an Pharlaimint go bhfuil *force majeure* i gceist nó gur cás é atá go hiomlán eisceachtúil.**

<sup>(1)</sup> IOL 8, 12.1.2001, lch. 1.

## IARSCRÍBHINN I

Treoir tháscach de na cáilíochtaí is iomchuí chun cur isteach ar nósanna imeachta roghnúcháin don ghrúpa feidhme AD <sup>(1)</sup>

TÍR	Cúrsa ollscoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad	Cúrsa ollscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad
Belgique- België	Licence — Licentiaat	
България	Диплома за висше образование Бакалавър/магистър	
Česká republika	Diplom o ukončení vysokoškolského studia/Magistr	Diplom o ukončení Bakalářského studia
Danmark	Kandidatgrad	Bachelorgrad
Deutschland	Hochschulabschluss/Fachhochschulabschluss (8 Semester)/ Master	Fachhochschulabschluss (6-7 Semester)/Bachelor
Eesti	Bakalaureusekraad (160 ainepunkti)/Magistrikraad	Bakalaureusekraad (<160 ainepunkti)
Éire/Ireland	Céim Ollscoile (4 bliana)/University degree (4 years)	Céim bhaitiléara/Bachelor's degree
Ελλάδα	Πτυχίο Α.Ε.Ι. (πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, Τ.Ε.Ι. υποχρεωτικής τετραετούς φοίτησης)	
España	Licenciatura	Diplomado/Ingeniero técnico
France	Maîtrise/Master	Licence
Hrvatska	Baccalaureus/Baccalaurea Magistar/Magistra	Baccalaureus/Baccalaurea
Italia	Laurea specialistica-LS/Laurea	Laurea -L(breve)
Κύπρος	Πανεπιστημιακό Πτυχίο	
Latvija	Bakalaura diploms (160 kredīti)/Maģistra diploms	Bakalaura diploms (<160 kredīti)
Lietuva	Bakalauras (160 kreditas)/Magistras	Bakalauras (<160 kreditas)
Luxembourg		
Magyarország	Egyetemi oklevél	Főiskoli oklevél
Malta	University degree (4 years)	Bachelor's degree
Nederland	Doctoraal examen/Master	Bachelor
Österreich	Universitätsdiplom/Fachhochschuldiplom (8 Semester)/Magister (tra)	Fachhochschuldiplom (6-7 Semester)/Bakkalaureus(rea)
Polska	Magister/Magister Inżynier	Licencjat/Inżynier
Portugal	Licenciatura	Bacharelato
România	Diplomă de Licență (4 ans)	Diplomă de Licență
Slovenija	Univerzitetna diploma (4 leta ali več)	Univerzitetna diploma (najmanj 3 leta)
Slovensko	Diplom o ukončení vysokoškolského štúdia/Magister	Diplom o ukončení Bakalářského štúdia
Suomi/Finland	Maisterin tutkinto — Magisterexamen/Ammattikorkeakoulututkinto — Yrkeshögskoleexamen (min 160 opintoviikkoa — studieveckor)	Kandidaatin tutkinto — Kandidatexamen/Ammattikorkeakoulututkinto — Yrkeshögskoleexamen (min 120 opintoviikkoa — studieveckor)

(1) Déantar daoine a fhostú ar ghráid 7 go 16 de ghrúpa feidhme AD faoin gcoinníoll breise go bhfuil taithí ghairmiúil iomchuí de bhliain amháin ar a laghad acu.

TÍR	Cúrsa ollscoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad	Cúrsa ollscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad
Sverige	Magisterexamen (Akademisk examen omfattande minst 160 poäng varav 80 fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera)	Kandidatexamen (Akademisk examen omfattande minst 120 poäng varav 60 fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng)
United Kingdom	University degree (4 years)	Bachelor's degree

**Maidir le diplómaí a fuarthas lasmuigh den Aontas Eorpach, ní mór, faoin dáta deiridh le hiarratas a dhéanamh, go mbeadh siad formheasta ag údarás inniúil náisiúnta Ballstáit.**



## IARSCRÍBHINN II

## IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Maidir le hiarrthóirí a mheasann go ndearnadh cinneadh díobhálach ina n-aghaidh, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh sin, féadfaidh siad nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó féadfaidh siad gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach <sup>(1)</sup>.

**Iarrataí ar athbhreithniú**

Féadfaidh tú iarraidh ar athbhreithniú, lena mínítear na cúiseanna atá leis, a dhéanamh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

— trí ríomhphoist chuig bosca poist feidhme an nós imeachta: PE-168-S@ep.europa.eu

— le facs ag an uimhir seo a leanas: +32 22831717

laistigh de **10 lá féilire** ón dáta a seolann an tAonad um Chomórtas agus um Nósanna Imeachta Roghnúcháin an teachtaireacht ríomhphoist chugat a chuireann an cinneadh sin in iúl duit.

Seolfar freagra chugat a luaithe agus is féidir.

Níl an rogha seo ar fáil ach amháin i gcomhair na gcéimeanna ag a nglactar cinneadh maidir le glacadh isteach chuig an gcomórtas agus le glacadh isteach chuig na rialacha scríofa agus cainte.

**Achomhairc**

— Féadfaidh tú gearán bunaithe ar Airteagal 90(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a dhíriú chuig:

M. le Secrétaire général  
Parlement européen  
Bât. Konrad Adenauer  
2929 Luxembourg  
LUXEMBOURG

Tá an rogha seo ar fáil ag gach céim den nós imeachta roghnúcháin.

Tarraingítear d'aird ar an bhfóras go bhfuil ceart forleathan ag coistí roghnúcháin a mbreithiúnas féin a thabhairt, agus gur go neamhspleách a dhéanann siad a gcinntí agus nach féidir leis an údarás ceapacháin na cinntí sin a athrú. Ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an gceart breithiúnais sin ach amháin sa chás inar léir go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha a rialaíonn obair na gcoistí roghnúcháin. I gcás sárú den sórt sin, féadfar cinneadh a dhéanamh coiste roghnúcháin a agóid go díreach os comhair Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh fiú amháin mura mbíonn gearán taiscthe cheana féin faoi Airteagal 90(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

— Féadfaidh tú achomharc breithiúnach a dhéanamh chuig:

Tribunal de la fonction publique de l'Union européenne  
2925 Luxembourg  
LUXEMBOURG

bunaithe ar Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 91 de na Rialachán Foirne.

Níl an rogha seo ar fáil ach amháin maidir le cinntí a ghlacfaidh an coiste roghnúcháin.

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh chuig Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh i gcoinne cinntí riaracháin lena ndíoltaítear glacadh le hiarrthóir i nós imeachta roghnúcháin ar fhorais nach bhfuil an t-iarratas ag comhlíonadh na gcoinníollacha don ghlacadh isteach sin atá luaite i Roinn B.1 den fhógra earcaíochta ach amháin sa chás go mbíonn gearán taiscthe ar dtús, de réir mar atá tuairisc thuas air.

Ní fhéadfar achomharc chuig Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ach amháin trí dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte i mBallstát den Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tosaíonn na tréimhsí ama a leagtar síos in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh <sup>(2)</sup>, a bhfuil feidhm acu maidir leis an dá chineál achomhairc, ón dáta ar tugadh fógra den chinneadh bunaidh a bhfuil éifeacht dhíobhálach aige ort nó, sa chás amháin gur iarraidh ar athbhreithniú atá i gceist, ón dáta ar tugadh fógra duit i dtaobh fhreagra bunaidh an choiste roghnúcháin ar an iarraidh sin.

<sup>(1)</sup> Ní dhéanfaidh athbhreithnithe, achomhairc ná gearáin chuig an Ombudsman Eorpach aon chur isteach ar obair an choiste roghnúcháin.

<sup>(2)</sup> Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1) arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1080/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal sin (IO L 311, 26.11.2010, lch. 1).

**Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach**

Is féidir leat, faoi mar is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach, gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach:


Médiateur européen  
1 avenue du Président Robert Schuman — BP 403  
67001 STRASBOURG CEDEX  
FRANCE

faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman <sup>(1)</sup>.

Ba cheart do na hiarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach bhfuil aon éifeacht fhionraitheach ag gearáin a dhéantar chuig an Ombudsman ar an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le hachomhairc a thaisceadh le Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

<sup>(1)</sup> IO L 113, 4.5.1994, lch. 15.



**EUROPEAN PARLIAMENT**

Secretariat  
Competitions and  
Selection Procedures Unit  
1047 Brussels  
BELGIUM

**RECRUITMENT NOTICE PE/168/S**

**APPLICATION FORM**

(to be filled in using block letters and black ink)

**ALL FIELDS MUST BE FILLED IN**

1. SURNAME ..... FORENAMES .....

2. ADDRESS  
(All correspondence will be sent to this address.  
Please inform us immediately of any change of address).  
Street: ..... No: ..... Work: .....  
Postcode: ..... Town: ..... Country: .....  
E-mail: ..... @ .....

3. DATE AND PLACE OF BIRTH: .....

4. SEX: Male  Female

5. CURRENT NATIONALITY (in the case of dual nationality, please give both):  
.....

6. KNOWLEDGE OF OFFICIAL EUROPEAN UNION LANGUAGES (\*) AND OTHER EUROPEAN LANGUAGES (\*\*):

Language 1:                      Languages 2 and 3:                      Other languages:

**es:**                       **en:**                       **ca:**                      

(\*) bg=Bulgarian/es=Spanish/cs=Czech/da=Danish/de=German/et=Estonian/el=Greek/en=English/fr=French/ga=Irish/hr=Croatian/it=Italian/lv=Latvian/lt=Lithuanian/hu=Hungarian/mt=Maltese/nl=Dutch/pl=Polish/pt=Portuguese/ro=Romanian/sk=Slovak/sl=Slovenian/fi=Finnish/sv=Swedish  
(\*\*) ca=Catalan

7. EDUCATION

A. Primary, secondary, advanced secondary or technical education			
Name and address of establishment (town/city and country)	Years of study		Certificates and/or diplomas obtained. State official length of course and main subjects.
	from	to (*)	
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....

B. Higher education			
Name and address of university or other establishment (town/city and country)	Years of study		Degree or diploma obtained. State official length of course and main subjects.
	from	to (*)	
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....

C. Postgraduate education			
Name and address of university or institute (town/city and country)	Years of study		Diploma or other qualification obtained
	from	to (*)	
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....
.....	.....	.....	.....

(\*) State the date (month and year) when the studies were completed and/or the qualification was obtained.

8. PROFESSIONAL EXPERIENCE (enclose numbered photocopies). Continue on separate sheet(s) if necessary.

Nature and description of duties	Name and address of employer	from DD / MM / YY	to DD / MM / YY	DURATION DD / MM / YY
		□□ □□ □□	□□ □□ □□	□□ □□ □□
		□□ □□ □□	□□ □□ □□	□□ □□ □□
		□□ □□ □□	□□ □□ □□	□□ □□ □□
		□□ □□ □□	□□ □□ □□	□□ □□ □□

Professional experience in TOTAL:

□□ □□ □□  
YY MM DD

9. Do you have a physical disability or are your specific circumstances (e.g. pregnant, breast-feeding, health problems, etc.) such as to create problems in connection with the organisation of the tests:

Yes       No

If yes, please give details (to enable the Administration to make the necessary arrangements, where possible). Continue on separate sheet(s) if necessary:

.....  
.....

10. Names, addresses and telephone numbers of persons to be contacted should you not be available:

.....  
.....

**DECLARATION**

1. I declare on my honour that the information provided in this application form and in the documents enclosed with it is true and complete.
2. I further declare on my honour that:
  - (a) I am a national of one of the Member States and enjoy my full rights as a citizen;
  - (b) I have fulfilled any obligations imposed on me by the laws concerning military service;
  - (c) I meet the character requirements for the duties involved.
3. I am also aware that my application will be rejected if I fail to submit with the application form, within the deadline, photocopies of all supporting documents required to prove that I meet the conditions of eligibility (see Section A.3 of the recruitment notice).
4. I understand that the decisions of the selection committee are based solely on the supporting documents provided by candidates with their application forms and that no references to personnel files will be accepted.
5. I hereby authorise/do not authorise (delete as appropriate) the European Parliament to publish my name on the list of suitable candidates which will be posted on the noticeboards in its buildings.

Date and signature: .....

Enclosures: number      □□

**DO NOT FORGET TO SIGN THE FORM!**

## ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A “COMÓRTAS”

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

5	200
27 (RO)	
29	
33	
34	
36 (DA)	
41 (BG)	
43 (EN)	
49 (ET)	
50 (HU)	
51 (SL)	
54 (DE/EN/FR)	
58 (EN/GA)	
75	
81	
82	
88 (BG)	
89 (CS)	
94	
104	
109	
111	
112 (DE/EN/FR)	
117 (ET)	
118	
120	
131	
143	
160 (DE/EN/FR)	
162	
166	
167	
168	
172	
173	
174	
176 (BG/DE/EN/ET/FI/IT/LT/LV/MT/NL/PL/PT/SK/SL/SV)	
180 (MT)	
182 (DE/EN/FR)	
183 (IT)	
191	
192	
193	
194	
196	
197	
199	

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://new.eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh  
2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

GA